Gailearaí Ealaíne
**Crawford**
Art Gallery

Preasráiteas
Press Release



GIBSON
TRAVELLING FELLOWSHIP AWARD

**PRESS RELEASE: 26/02/25**

**New major Award for Visual Artists announced by Crawford Art Gallery**

Crawford Art Gallery announces the inaugural **Gibson Travelling Fellowship Award**, a significant initiative aimed at expanding international mobility and opportunities for professional visual artists.

This €25,000 triennial award will offer a selected professional practicing visual artist with the means to travel abroad, engage with new artistic communities, and cultivate international relationships that will impact their creative practice.

Embodying one of Crawford Art Gallery's core strategic priorities to support artists, the Gibson Travelling Fellowship Award acknowledges the need to replenish their creative practice in a self-directed process of exploration, research, and connection.

Assessed through an open submission process, the Gibson Travelling Fellowship Award is a legacy of one of the most significant gifts to Crawford Art Gallery. In 1919, Joseph Stafford Gibson (1837-1919) bequeathed

his collections and a fund to enrich the holdings of Crawford Art Gallery and to provide a travel scholarship to talented artists from Munster, Ireland.

*"We are thrilled to offer this opportunity in memory of Joseph Stafford Gibson, whose legacy is one of fostering artistic growth and global engagement,"* said Mary McCarthy, Director of Crawford Art Gallery. *"This award is a chance for talented artists to expand their horizons, connect with international networks, and bring fresh perspectives to their work."*

She adds: *'This award aims to foster cross-cultural collaborations that will not only elevate the individual artist but also contribute to the broader arts landscape in Ireland.'*

The deadline for applications is 12:00pm, Wednesday 14 May 2025.

For more information on how to apply for the Gibson Travelling Fellowship Award, including eligibility, terms and conditions, visit www.crawfordartgallery.ie

Cultúr Éireann
Culture Ireland
Promoting Irish Arts Worldwide for 20 years

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

**Ends**

**Dyane Hanrahan,** Marketing & Communications Manager
E: dyanehanrahan@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856 M +353 (0) 86 8278151
www.crawfordartgallery.ie Crawford Art Gallery, Emmet Place, Cork, Ireland.

**Sorcha O'Brien,** Marketing & Communications Executive
E: marketing@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856
www.crawfordartgallery.ie Crawford Art Gallery, Emmet Place, Cork, Ireland.

**Notes to Editor:** for extra images please click here.

**More about Joseph Stafford Gibson**

The Gibson Travelling Fellowship Award is a legacy of one of the most significant gifts to Crawford Art Gallery. In 1919, Joseph Stafford Gibson (1837-1919) bequeathed his collections and a fund to enrich the holdings of the gallery for 'the furthering of art in the city of his boyhood.'

What became known as the Gibson Bequest, has since enriched Crawford Art Gallery's collection, including iconic works by Muriel Brandt, Harry Clarke, Jacob Epstein, Seán Keating, John Lavery, Evie Hone, and Jack B. Yeats. As part of his bequest, Gibson sought to establish a travel scholarship for talented artists.

Originally awarded between the 1920s and 1950s, the Gibson Bequest supported the travel and artistic development of several Munster-based artists, including William Sheehan , Kathleen Murphy O'Connor, Séamus Murphy, and Breda O'Donoghue-Lucci, all of whom benefited from the scholarship to further their studies and practice abroad.

The new Gibson Travelling Fellowship Award aims to provide future generations of artists with the opportunity to gain international experience, expand their networks, and further their artistic development.

**About Crawford Art Gallery**

Crawford Art Gallery is an Irish National Cultural Institution (NCI) dedicated to contemporary and historic visual art, located in a significant heritage building in the heart of Cork city. Offering a dynamic programme of temporary exhibitions, it also houses a collection of national importance which tells the compelling story of Cork and Ireland over the last three centuries.

Originally built in 1724 as the city's Custom House, the gallery is home to the famous Canova Casts, gifted to Cork two centuries ago. Featured in the gallery's collection of over 3,500 objects are contemporary Irish and international artists Gerard Byrne, Dorothy Cross, Joy Gerrard, Rula Halawani, Isabel Nolan, Kathy Prendergast, Sean Scully, and Nedko Solakov, as well as much-loved works by artists James Barry, Mainie Jellett, Daniel Maclise, Norah McGuinness, Harry Clarke, Seán Keating, John Lavery, Evie Hone, Jack B. Yeats, Mary Swanzy and Patrick Scott.

The gallery is currently closed to the public to enable a major redevelopment plan.

**About Transforming Crawford Art Gallery**
Crawford Art Gallery closed to the public on 22 September 2024 to undergo an exciting capital redevelopment project: Transforming Crawford Art Gallery.

This multi-million euro investment will increase gallery space by almost 50%, preserve and protect three centuries of existing built heritage, and create a cultural legacy for a new century as Cork continues to grow.

The project is a Government of Ireland 2040 project funded by the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media in partnership with the Office of Public Works (OPW).

The award-winning Grafton Architects have worked on a redevelopment design that include a new Learn & Explore facility for public engagement, significant storage for the National Collection, a new entrance, and a dramatically improved public realm including new café facing onto Half Moon Street.
The building's entrance will be reoriented to Emmet Place in line with the original Custom House layout dating to 1724

A large new public gallery space will create a new vantage point for visitors to view city centre landmarks including St Anne's, Shandon and St Fin Barre's Cathedral.

After a contractor has been appointed and begins work in spring 2025, it is envisaged that Crawford Art Gallery will reopen to the public in 2027.

For all the latest news on Transforming Crawford Art Gallery, sign up to the newsletter on www.crawfordartgallery.ie or follow the gallery's social media.

Gailearaí Ealaíne **Crawford** Art Gallery

Preasráiteas
Press Release



DÁMHACHTAIN COMHALTACHTA TAISTIL

**PREISEISIÚNT 26/02/2025**

**Mórdhámhachtain nua d'Amharc-ealaíontóirí fógartha ag Gailearaí Ealaíne Crawford**

Fógraíonn Gailearaí Ealaíne Crawford **Dámhachtain Comhaltachta Taistil Gibson**, tionscnamh suntasach atá dírithe ar shoghluaisteacht idirnáisiúnta agus deiseanna d'amharc-ealaíontóirí gairmiúla a mhéadú.

Leis an dámhachtain thríbhliantúil seo de €25,000, tairgfear d'amharc-ealaíontóir gairmiúil roghnaithe atá i mbun cleachtais an mhaoin le taisteal thar lear, dul i ngleic le pobail ealaíne nua, agus caidrimh idirnáisiúnta a chothú a mbeidh tionchar acu ar a gcleachtas cruthaitheach.

Agus ceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha Ghailearaí Ealaíne Crawford chun tacú le healaíontóirí á léiriú, aithnítear le Dámhachtain Comhaltachta Taistil Gibson an gá atá lena gcleachtas cruthaitheach a athshlánú i bpróiseas féinstiúrtha taiscéalaíochta, taighde agus nasctha.

Arna mheasúnú trí phróiseas aighneachta oscailte, tá Dámhachtain

Comhaltachta Taistil Gibson mar oidhreacht ar cheann de na síntiúis is suntasaí a tugadh do Ghailearaí Ealaíne Crawford. In 1919, d'fhág Joseph

Stafford Gibson (1837-1919) a chuid bailiúcháin agus ciste le huacht chun cur le bailiúcháin Ghailearaí Ealaíne Crawford agus chun scoláireacht taistil a sholáthar d'ealaíontóirí cumasacha arb as an Mumhain, Éire dóibh.

*"Tá ríméad orainn an deis seo a thairiscint i gcuimhne ar Joseph Stafford Gibson, arb é a oidhreacht fás ealaíne agus rannpháirtíocht dhomhanda a chothú,"* a dúirt Mary McCarthy, Stiúrthóir Ghailearaí Ealaíne Crawford. *"Is deis í an dámhachtain seo d'ealaíontóirí cumasacha a gcuid spéiseanna a leathnú, nascadh le líonraí idirnáisiúnta, agus peirspictíochtaí nua a thabhairt dá gcuid oibre."*

Dúirt sí chomh maith: *'Tá sé mar aidhm ag an dámhachtain seo comhoibrithe traschultúrtha a chothú ní hamháin a ardóidh an t-ealaíontóir aonair ach a chuirfidh le tírdhreach ealaíon níos leithne na hÉireann freisin.'*

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas ná 12:00pm, Dé Céadaoin 14 Bealtaine 2025.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar conas iarratas a dhéanamh ar Dhámhachtain Comhaltachta Taistil Gibson, lena n-áirítear incháilitheacht, téarmaí agus coinníollacha, téigh go www.crawfordartgallery.ie.

**Críoch**

**Dyane Hanrahan,** Bainisteoir Margaíochta & Cumarsáide
R: dyanehanrahan@crawfordartgallery.ie

T +353 (0) 21 4907856 FP +353 (0) 86 8278151
www.crawfordartgallery.ie Gaileáraí Ealaíne Crawford, Plás Emmet, Corcaigh, Éire.

**Sorcha O'Brien,** Feidhmeannach Margaíochta & Cumarsáide
R: marketing@crawfordartgallery.ie
T +353 (0) 21 4907856
www.crawfordartgallery.ie Gailearaí Ealaíne Crawford, Plás Emmet, Corcaigh, Éire.

**Nótaí don Eagarthóir:** le haghaidh íomhánna breise, cliceáil anseo.

**Tuilleadh eolais faoi Joseph Stafford Gibson**

Tá Dámhachtain Comhaltachta Taistil Gibson mar oidhreacht ar cheann de na síntiúis is suntasaí a tugadh do Ghailearaí Ealaíne Crawford. In 1919, d'fhág Joseph Stafford Gibson (1837-1919) a chuid bailiúcháin agus ciste le huacht chun cur le bailiúcháin an ghailearaí chun 'an ealaín a chur chun cinn i gcathair a óige.'

Tá an tiomnacht, ar ar tugadh Tiomnacht Gibson, i ndiaidh cur le bailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford, lena n-áirítear saothair íocónacha le Muriel Brandt, Harry Clarke, Jacob Epstein, Seán Keating, John Lavery, Evie Hone, agus Jack B. Yeats. Mar chuid dá thiomnacht, d'fhéach Gibson le scoláireacht taistil a bhunú d'ealaíontóirí cumasacha.

Bronnadh Tiomnacht Gibson ar dtús idir na 1920idí agus na 1950idí, agus thacaigh sí le taisteal agus forbairt ealaíonta roinnt ealaíontóirí a bhí lonnaithe i gCúige Mumhan, lena n-áirítear William Sheehan, Kathleen Murphy O'Connor, Séamus Murphy, agus Breda O'Donoghue-Lucci, ar bhain gach duine acu leas as an scoláireacht chun a gcuid staidéir agus cleachtais a chur chun cinn thar lear.

Tá sé mar aidhm ag Dámhachtain nua Comhaltachta Taistil Gibson deis a thabhairt do na glúnta ealaíontóirí atá le teacht taithí idirnáisiúnta a fháil, a gcuid líonraí a leathnú, agus a bhforbairt ealaíne a chur chun cinn.

**Faoi Ghailearaí Ealaíne Crawford**

Is institiúid chultúrtha náisiúnta é Gailearaí Ealaíne Crawford atá suite i bhfoirgneamh oidhreachta suntasach i gcroílár chathair Chorcaí, agus atá tiomnaithe do na hamharc-ealaíona, idir stairiúil agus chomhaimseartha. Agus é ag cur clár fuinniúil taispeántas sealadach ar fáil, tá bailiúchán

náisiúntatábhachtach faoina dhíon freisin a insíonn scéal spéisiúil Chorcaí agus na hÉireann le trí chéad bliain anuas.

Tógadh ar dtús i 1724 é mar Theach Custaim na cathrach agus tá Múnlaí cáiliúla Canova ar taispeáint sa Ghailearaí, a bronnadh ar Chorcaigh dhá chéad bliain ó shin. I measc bhailiúchán an ghailearaí, tá os cionn 3,500 saothar ó ealaíontóirí comhaimseartha na hÉireann agus idirnáisiúnta Isabel Nolan, Gerard Byrne, Joy Gerrard, Rula Halawani, Kathy Prendergast, Dorothy Cross, Nedko Solakov agus Sean Scully mar aon leis na saothair ó na healaíontóirí a bhfuil an-tóir orthu James Barry, Evie Hone, Harry Clarke, Mainie Jellett, Seán Keating, Daniel Maclise, agus Jack B. Yeats.

Tá an Gailearaí dúnta faoi láthair don phobal chun plean mór athfhorbartha a chur i gcrích.

**Faoi Chlaochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford**
Dúnadh Gailearaí Ealaíne Crawford don phobal ar an 22 Meán Fómhair 2024 chun tabhairt faoi thogra athfhorbartha caipitil: Claochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford.

Cuirfidh an infheistíocht, ar fiú na milliúin euro é, 50% breise le spás an ghailearaí, agus déanfaidh sé trí chéad bliain d'oidhreacht thógtha a chaomhnú agus a chosaint, agus cruthófar oidhreacht chultúrtha don ghlúin amach romhainn de réir mar a bheidh Corcaigh ag leanúint ag fás.

Is togra de chuid Thograí Rialtas na hÉireann 2040 é atá ag fáil maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP).

Tá Grafton Architects a bhfuil gradaim bainte acu tar éis obair a dhéanamh ar dhearadh athfhorbartha lena n-áirítear áis Foghlama & Fiosraithe nua le rannpháirtíocht ghníomhach, stóráil shuntasach don Bhailiúchán Náisiúnta i nGailearaí Crawford, bealach isteach nua, agus spás poiblí a bheidh feabhsaithe go mór lena n-áirítear caifé nua ar Shráid na Leathghealaí.
Beidh bealach isteach an fhoirgnimh curtha ar ais go Plás Emmet de réir leagan amach Theach an Chustaim a chuaigh siar go 1724.

Cruthófar le spás mór gailearaí poiblí nua áit amhairc do chuairteoirí chun féachaint ar shainchomharthaí lár na cathrach lena n-áirítear Ardeaglais Naomh Anna, an Seandún agus Ardeaglais Naomh Fionnbarra.

Tar éis conraitheoir a bheith ceaptha agus tús a chur leis an obair in earrach 2025, tá sé beartaithe go n-osclóidh Gailearaí Ealaíne Crawford don phobal in 2027.

Le haghaidh an nuacht is déanaí ar fad ar Chlaochlú Ghailearaí Ealaíne Crawford, cláraigh don nuachtlitir ar www.crawfordartgallery.ie nó lean meáin shóisialta an ghailearaí.